

# Fuathchaint agus Fuathchoireanna i gcoinne an Lucht LGBT

*Tá dínit an duine dosháraithe. Tá an dínit sin le hurramú agus le cosaint.  
Tá ag gach duine an ceart chun go ndéantar a iomláine coirp agus meabhrach a urramú.  
Cairt um Chearta Bunúsacha an AE (Airteagail 1 agus 3(1))*

Tagraíonn ‘fuathchaint’ don ghríosú agus spreagadh fuatha, idirdhealaithe nó naimhdis in aghaidh an duine más inspreagtha í ag claontacht i gcoinne an duine sin de bharr ghné áirithe, amhail claonadh gnéasach nó féiniúlacht ghnéis.

Tagraíonn ‘fuathchoir’ d’ionsaí fisiciúil nó béil ar dhuine aonair más inspreagtha í ag claontacht i gcoinne an duine sin de bharr ghné áirithe, amhail claonadh gnéasach nó féiniúlacht ghnéis.

Is éard atá i gceist le ‘hómaifóibe’ ná eagla neamhréasúnach in aghaidh an duine toisc gur duine leispiach, hómaighnéasach nó déghnéasach é/í.

Is éard atá i gceist le ‘trasfóibe’ ná eagla neamhréasúnach in aghaidh an duine toisc go léiríonn siad iad féin trí mheán inscne difriúil ón gceann a sanntar ag an mbreith, trí e.g. cóireáil hormóin, obráid, éadaí nó cosmaidí.

De bharr an eagla agus an t-imeagla a bhíonn ann mar thoradh ar fhuathchoir agus fuathchaint cuirtear cosc ar dhaoine leispiacha, homaighnéasacha, déghnéasacha agus trasinscne (LGBT) páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Níl fairsinge na fuathchainte agus na fuathchoire i dtreo an lucht LGBT san AE soiléir toisc nach mbailíonn formhór na mBallstát sonraí ar an tsaincheist seo. Mar sin féin, tugann roinnt suirbhéanna le fios i mBallstát áirithe go raibh suas le 50% den lucht LGBT ina n-íospartaigh ag an bhfuathchaint nó ag an bhfuathchoir. In éagmais rialach aonair don AE, glacann Ballstáit le cuir chuige éagsúla maidir leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoir.

Tugann suirbhéanna le fios nach dtuairiscítear fuathchaint agus fuathchoir go minic. Tarlaíonn é seo, i bpáirt, toisc go mothaíonn íospartaigh míchompordach maidir lena ngnéasacht a nochtadh d’údaráis fhorfheidhmithe an dlí. Tá roinnt Ballstát tar éis ‘tuairisciú tríú páirtí’ a thabhairt isteach a thugann cead coireanna a thuairisciú ag láthair ar leith seachas stáisiún na ngardaí agus chuig daoine nach gardaí iad.

## Coiriúlacht na Fuathchainte

**In dhá Bhallstát déag** (an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Laitvia, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSualainn) mar aon le Tuaisceart Éireann sa Ríocht Aontaithe, is cion coiriúil é chun fuath, foréigean nó idirdhealú a ghríosú ar fhorais claonta ghnéasaigh.

**I gceithre Bhallstát** (an Ostair, an Bhulgáir, an Iodáil agus Málta) glactar leis an bhfuathchaint mar chion coiriúil maidir le grúpaí sainiúla ach ní áirítear an lucht LGBT ina measc. Cruthaíonn é seo deacracht chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm i gcásanna hómaifóibe.

**Sna Ballstáit eile**, ní shainmhínítear fuathchaint i gcoinne an lucht LGBT go sonrach mar chion coiriúil, ach tá foclaíocht an dlí curtha i mbealach ginearálta agus d’fhéadfaí í a úsáid chun iad a chosaint.

## Fuathchoir

I láthair na huaire glacann na Ballstáit uile le hionsaithe fisiciúla mar chionta coiriúla. I bhformhór na mBallstát is féidir pionós na gcionta seo a ardú sa chás go bhfuil siad inspreagtha ag claontacht i gcoinne, mar shampla, cine nó creideamh duine (ar a dtugtar ‘fachtóir géaraitheach’). Mar sin féin, ní éillonn dlí an AE ar Bhallstáit hómaifóibe nó trasfóibe a áireamh mar ‘fhachtóir géaraitheach’ do chionta coiriúla.

**I 10 mBallstát** (an Bheilg, an Danmhairg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe), is fachtóir géaraitheach iad hómaifóibe agus trasfóibe, cé go gcuireann roinnt Ballstát teorainn ar choireanna áirithe.

**I 15 Ballstát** (an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, Éire, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ostair, an tSlóivéin, an tSlóvaic), ní sainmhínítear hómaifóibe agus trasfóibe go sainráiteach mar fhachtóir géaraitheach. Mar sin féin, i sé chinn díobh seo (Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Laitvia, Málta, an Ostair agus an tSlóvaic), aithnítear coincheap ginearálta na fuathchoire sa dlí, agus chuige sin d’fhéadfaí glacadh le hómaifóibe agus trasfóibe mar fhachtóirí géaraitheacha.

### CEART UM CHOSAINT CHOMHIONANN

Ar 28 Samhain 2008 ghlac an AE le creat-chinneadh maidir le fuathchaint agus fuathchoir inspreagtha ag ciníochas agus seineafóibe (IO L 328/2008). Ní mór don AE breathnú ar an ngá le reachtaíocht chomhchosúil a ghlacadh chun go gclúdófaí fuathchaint agus fuathchoir hómaifóibe agus trasfóibe ionas gur féidir an lucht LGBT a chosaint sna Ballstáit uile.

Tá an bhileoigín seo bunaithe ar dhá thuarascáil *An Homafóibe agus an tIrdhealú ar Fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE - Cuid 1 Anailís dhlíthiúil* a foilsíodh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i mí an Mheithimh 2008 agus *An Homafóibe agus an tIrdhealú ar Fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE - Cuid II: An Scéal ó thaobh Cúrsaí Sóisialta* a foilsíodh i mí an Mhárta 2009.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: <http://fra.europa.eu>

Is féidir gach foilseachán ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a ordú saor in aisce óna suíomh gréasáin.

Séanadh:

I gcás ceisteanna maidir leis an aistriúchán seo téigh i gcomhairle le do thoil leis an leagan Béarla, atá mar bhunleagan agus leagan oifigiúil na cáipéise seo.